**Scríobh do Scrúduimhir anseo** [ ] **2013. M47T**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2013

## EACNAMAÍOCHT BHAILE – EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA

## GNÁTHLEIBHÉAL

| STAMPA AN IONAID |
|---|
| |

**DÉ CÉADAOIN, 5 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 4.30**

**280/320 MARC**

*Treoracha d'Iarrthóirí*

**Roinn A**
Tá **dhá cheist déag** sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **deich** gceist ar bith a fhreagairt.
Tá **6** mharc ag gabháil le gach ceist.
**Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh ar an scrúdpháipéar.**

**Roinn B**
Tá **cúig** cheist sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile a fhreagairt**.
Tá **80** marc ag gabháil le **Ceist 1**.
Tá **50** marc an ceann ag gabháil leis na **Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5**.
**Scríobh do chuid freagraí sa fhreagarleabhar ar leith atá curtha ar fáil.**

**Roinn C**
Tá **trí** cheist sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **ceist amháin** ar ábhar roghnach a fhreagairt, ar a n-áirítear **cuid (a)** den cheist sin mar aon le **cuid (b) nó cuid (c)**.
**Iarrthóirí a chuir isteach obair chúrsa i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh le haghaidh a scrúdaithe, is í Ceist 2 amháin as an roinn seo a gceadaítear dóibh tabhairt fúithi.**
Tá **80** marc an ceann ag gabháil leis na hábhair roghnacha **1** agus **3.**
Tá **40** marc ag gabháil le hábhar roghnach **2.**
**Scríobh do chuid freagraí sa fhreagarleabhar ar leith atá curtha ar fáil**.

**Ní mór duit do scrúdpháipéar a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe.**

# Roinn A

**Freagair <u>deich</u> gceist ar bith as an roinn seo.**
**Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.**
**Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.**

**1.** Meaitseáil **<u>gach</u>** ceann de na bianna atá liostaithe thíos leis an rangú ceart saille (lipidí). (6)

***abhacád, sairdíní, cáis***

| Rangú Saille | Bia |
|---|---|
| Ainmhí | |
| Glasra (Planda) | |
| Muirí | |

**2.** Bain úsáid as na focail ar an liosta thíos chun na ráitis seo a leanas faoi Vitimín A a chríochnú. (6)

**hipirvitimíonóis, ródoipsin, daille oíche**

Tá Vitimín A riachtanach chun ___________________ a tháirgeadh, lí i reitine na súile.

Má bhíonn easpa Vitimín A ann tarlaíonn ______________________.

Is féidir le _________________________ tarlú de thoradh an iomarca forlíonta cothaithe ina bhfuil Vitimín A a thógáil.

**3.** Maidir le Galar Corónach Croí cuir in iúl le tic **(✓)** cé acu fíor **nó** bréagach atá **<u>gach</u>** ceann de na ráitis seo a leanas. (6)

| Galar Corónach Croí | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Má itear a lán saillte sáithithe bíonn leibhéil ísle colaistéaróil ann | | |
| Bíonn daoine atá róthrom i mbaol galar corónach croí a bheith orthu | | |
| Tá nasc idir a lán salainn a ithe agus ardbhrú fola | | |

**4.** Tá liosta de thrí mhodh cócaireachta éagsúla thíos. Ainmnigh **dhá** shampla de gach ceann díobh. (6)

| Modhanna cócaireachta taise | Modhanna cócaireachta tirime | Friochadh |
|---|---|---|
| **1.** | **1.** | **1.** |
| **2.** | **2.** | **2.** |

**5.** Ainmnigh **dhá** cheann de na príomhchothaithigh atá le fáil i mbainne bearrtha. (6)

(i) ______________________ (ii) ______________________

Ainmnigh **dhá** chóireáil teasa a dhéantar ar bhainne le cur lena sheilf-ré.

(i) ______________________

(ii) ______________________

**6.** Cuir in iúl le tic **(✓)** cé acu fíor **nó** bréagach atá **gach** ceann de na ráitis seo a leanas. (6)

| | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Is cineálacha d'anraith tiubh iad anraith glé agus brat | | |
| Is féidir anraith a ramhrú ach táthú a úsáid | | |
| Is gairnis oiriúnach le haghaidh anraith iad croutons | | |

**7.** Ainmnigh **dhá** choinníoll atá riachtanach chun miocrorgánaigh a fhás. (6)


(i) ______________________ (ii) ______________________

Luaigh úsáid **amháin** a bhaintear as miocrorgánaigh i dtáirgeadh bia.

______________________

**8.** Mínigh **gach** ceann de na siombailí maidir le cúram teicstíle a thaispeántar thíos. (6)





**9.** Mínigh **gach** ceann díobh seo a leanas: (6)

Ollioncam:

Glanioncam:

**10.** Ainmnigh soláthraí **amháin** d'árachas sláinte príobháideach. (6)

Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hárachas sláinte príobháideach.

(i)

(ii)

**11.** Ainmnigh **<u>dhá</u>** ghné shábháilteachta a úsáidtear i bhfearais leictreacha **agus** tabhair sampla den úsáid a bhaintear as **<u>gach</u>** ceann díobh. (6)

| Gné shábháilteachta | Sampla den úsáid |
|---|---|
| | |
| | |

**12.** Ainmnigh **<u>dhá</u>** theicníc mharsantaithe (margaíocht). (6)

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

Conas a spreagann an marsantú na tomhaltóirí le hairgead a chaitheamh?

______________________________

______________________________

______________________________

## Roinn B

**Freagair Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile as an roinn seo.**
**Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil leis na Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.**

**1. Má leantar treoirlínte phirimid nua an bhia agus má bhíonn daoine gníomhach, is fearr an deis a bhíonn ag daoine a bheith sláintiúil agus folláin.**

(*Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 2012*)



**(a)** Pléigh an ról atá ag pirimid an bhia mar fhoinse eolais maidir le bia sláintiúil. (16)

**(b)** Tabhair cuntas ar phróitéiní faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:

- comhdhéanamh
- aicmiú
- foinsí sa réim bia
- feidhmeanna sa chorp. (32)

**(c)** Mínigh na hairíonna próitéine seo a leanas **agus** tabhair sampla de **gach** ceann díobh.

- dínádúrúchán
- téachtadh. (12)

**(d)** Pléigh **ceithre** bhealach inar féidir le tomhaltóirí a mbille bia a laghdú nuair a bhíonn siad ag ceannach bia ina bhfuil *próitéin*. (20)

**2. 'Tá fuinneamh ag teastáil ó gach feidhm agus próiseas sa chorp.'**

**(a)** Pléigh **trí** thoisc a théann i bhfeidhm ar riachtanas laethúil fuinnimh an duine. (12)

**(b)** Maidir le daoine a bhfuil riachtanas ard fuinnimh acu, leag amach:

- **ceithre** threoirlíne pleanála béilí atá tábhachtach agus ar chóir iad a leanúint **agus**
- biachlár aon lae **amháin** (trí bhéile **agus** sneaiceanna le cur san áireamh). (30)

**(c)** Déan trácht ar an gcaoi a bhfuil an t-éileamh ar fhorbhianna ag fás. (8)

**3. Is ceangaltas mór airgeadais é fearais mhóra tí a cheannach.**

**(a)** Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** thoisc ba chóir a chur san áireamh nuair a bhíonn fearais mhóra tí á roghnú. (16)

**(b)** Leag amach na torthaí ar staidéar a rinne tú ar fhearas cuisnithe.
Déan tagairt dóibh seo:

- cur síos ar an bhfearas
- tréithe nua-aimseartha
- treoirlínte úsáide
- rátáil éifeachtúlachta fuinnimh. (24)

**(c)** Luaigh buntáiste **amháin** **agus** míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le hearraí a cheannach ar cairde. (10)

**4. Cheannaigh Siobhán seaicéad do Pheadar dá bhreithlá. Bhí méid an tseaicéid díreach i gceart ar Pheadar ach níor thaitin an stíl leis. Chuaigh Siobhán ar ais chuig an siopa chun an seaicéad a thabhairt ar ais agus chun aisíoc a fháil ach ní thabharfadh an miondíoltóir di ach nóta creidmheasa.**

**(a)** An raibh Siobhán i dteideal a cuid airgid a fháil ar ais? Mínigh cén fáth. (10)

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar an nós imeachta ba chóir a leanúint agus gearán á dhéanamh nuair a bhíonn fadhb ann le táirge nó le seirbhís. (12)

**(c)** Ainmnigh **agus** mínigh **ceithre** cheart atá ag tomhaltóirí. (16)

**(d)** Pléigh **trí** bhealach inar féidir leis an tomhaltóir cuidiú chun an timpeallacht a chosaint. (12)

**5. Cé gurb é an teaghlach bunaonad gach sochaí nach mór, bíonn cineálacha éagsúla teaghlaigh ann.**

**(a)** Mínigh **gach** ceann de na struchtúir theaghlaigh seo a leanas:

- teaghlach núicléach
- mórtheaghlach
- teaghlach cumaisc. (15)

**(b)** Déan trácht orthu seo a leanas:

(i) an tábhacht a bhaineann leis an neamhspleáchas do dhaoine aosta sa teaghlach **agus**

(ii) conas a thugann an stát tacaíocht do neamhspleáchas daoine aosta. (20)

**(c)** Mínigh an tuiscint atá agat ar *coinbhleacht idir na glúine* **agus** luaigh **dhá** bhealach chun déileáil le coinbhleacht. (15)


## Roinn C

**Freagair ceist amháin as an roinn seo.**
**Iarrthóirí a chuir isteach obair chúrsa i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh le haghaidh a scrúdaithe, is í Ceist 2 amháin as an roinn seo a gceadaítear dóibh tabhairt fúithi.**

## Ábhar Roghnach 1 – Dearadh agus Bainistíocht Tí (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 1(a) agus 1(b) nó 1(c) a fhreagairt.**

**1.(a)** **Sa léaráid thíos taispeántar an caillteanas teasa as teach teaghlaigh.**




(i) Luaigh, agus cúis á tabhairt agat, an **dá** áit sa teach seo ar chóir tús áite a thabhairt dóibh le hinsliú a dhéanamh orthu. (12)

(ii) Ainmnigh an modh inslithe a mholfá do **gach** ceann díobh seo a leanas **agus** déan cur síos orthu:
- áiléar / díon
- ballaí. (16)

(iii) Luaigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le teach dea-inslithe a bheith agat. (12)

(iv) Déan cur síos ar **dhá** bhealach a n-úsáidtear teirmeastait chun an úsáid is éifeachtaí a bhaint as fuinneamh sa teach. (10)

**agus**

**1.(b)** (i) Luaigh **agus** pléigh **trí** thoisc ba chóir a chur san áireamh agus bailchríocha bhalla á roghnú do chistin i dteach nua. (18)

(ii) Luaigh na buntáistí **agus** na míbhuntáistí a bhaineann le tíleanna ceirmeacha urláir. (12)

**nó**

**1.(c)** **Ardú ollmhór ar thithe ar cíos - cóiríocht ar cíos ag 29% den phobal iomlán in 2011, ardú 47% ó 2006.** *(The Irish Times, Samhain 2012)*

(i) Pléigh an chúis ar rogha é atá ag éirí níos coitianta faoi láthair, teach a fháil ar cíos. (12)

(ii) Luaigh **trí** phríomhrud ba chóir a chur san áireamh **agus** cóiríocht á roghnú lena glacadh ar cíos, **agus** déan mionphlé orthu. (18)

## Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh (40 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 2(a) agus 2(b) nó 2(c) a fhreagairt.**

**2.(a) Tá sé casta na héadaí is fearr a aimsiú le caitheamh agus tú i mbun aclaíochta de bharr an réimse leathain d'éadaí faiseanta atá ar fáil agus úsáid na bhfabraicí atá chun cinn ó thaobh na teicneolaíochta de chun an tais a choinneáil ón gcorp.**

(i) Tarraing sceitse d'fheisteas a bheadh oiriúnach do ghníomhaíocht fóillíochta / allamuigh de do rogha féin, **agus** déan cur síos air. (9)

(ii) Déan measúnú ar an bhfeisteas maidir leis na nithe seo a leanas:
- feidhm (úsáid)
- faisean
- costas
- cúram. (16)

**agus**

**2.(b) Is minic a bhaineann dearthóirí faisin na hÉireann úsáid as snáithíní nádúrtha mar olann agus línéadach.**

Tabhair cuntas ar fhabraic nádúrtha **amháin** faoi na ceannteidil seo a leanas:
- táirgeadh an tsnáithín
- airíonna
- conas a dhéantar an fhabraic. (15)

**nó**

**2.(c) Cibé acu is mian leat d'éadaí féin a dhearadh nó branda faisin a thosú, is gá a bheith cruthaitheach agus díograiseach le héadaí a dhearadh.**

(i) Pléigh **trí** phríomhthoisc ba chóir a chur san áireamh agus feisteas á dhearadh. (9)

(ii) Liostaigh **trí** fheidhm atá ag éadaí. (6)

## Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 3(a) agus 3(b) nó 3(c) a fhreagairt.**

**3.(a) Cuidíonn an t-oideachas leis an duine barr a c(h)umais a bhaint amach.**

(i) Pléigh ról an oideachais i bhforbairt an duine aonair.
Déan tagairt do **gach** ceann díobh seo a leanas:
- forbairt fhisiceach
- forbairt mhothúchánach
- forbairt mhorálta
- forbairt intleachtach. (24)

(ii) Déan achoimre ar **cheithre** thoisc ba chóir do thuismitheoir a chur san áireamh agus réamhscoil á roghnú aige / aici. (16)

(iii) Tabhair sonraí scéim rialtais **amháin** a thugann tacaíocht do sholáthar oideachas réamhscoile. (10)

**agus**

**3.(b) D'ardaigh an ráta dífhostaíochta ina measc siúd atá faoi bhun 25 bliana d'aois go dtí beagnach 40% in 2011. Fuarthas amach sa daonáireamh go raibh níos mó ná 82,000 duine faoi bhun 25 bliana d'aois gan obair.** (*Irish Independent, Iúil 2012*)

(i) Pléigh an tionchar diúltach a bhíonn ag an dífhostaíocht ar **gach** ceann díobh seo a leanas:
- daoine óga fásta
- teaghlaigh ina bhfuil leanaí óga. (18)

(ii) Is minic a bhíonn daoine beo bocht mar thoradh ar an dífhostaíocht.
Mínigh an difríocht idir an bhochtaineacht choibhneasta **agus** an dearbh-bhochtaineacht. (12)

**nó**

**3.(c) Agus sinn i lár an chúlú eacnamaíochta, tá méadú ag teacht i rith an ama ar líon na ndaoine atá ag fiafraí cad is féidir a dhéanamh chun feabhas a chur ar ár bpobail féin.**

(i) Déan plé ar an gcaoi ar féidir leis an obair dheonach leas pobail a dhéanamh, **agus** tabhair samplaí de sin. (15)

(ii) Déan measúnú ar an tionchar (dearfach **agus** diúltach) ar shaol an teaghlaigh sa chás go mbíonn tuismitheoir amháin fostaithe ar phá. (15)

Leathanach Bán